Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B

RIALACHÁN (AE) 2024/2597 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid aigéid shorbaigh (E 200) agus sorbáite potaisiam (E 202) agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí le haghaidh aigéad sorbach (E 200), sorbáit photaisiam (E 202) agus galláit phróipile (E 310)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(IO L 2597, 7.10.2024, lch. 1)

Arna cheartú le:

►C1 Ceartúchán, IO L 90748, 8.9.2026, lch. 1 (2024/2597)

▼B

RIALACHÁN (AE) 2024/2597 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid aigéid shorbaigh (E 200) agus sorbáite potaisiam (E 202) agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na sonraíochtaí le haghaidh aigéad sorbach (E 200), sorbáit photaisiam (E 202) agus galláit phróipile (E 310)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Na breiseáin bhia aigéad sorbach (E 200), sorbáit photaisiam (E 202) agus galláit phróipile (E 310) a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an 27 Aibreán 2025, féadfar iad a chur le bia i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 go dtí go n-ídeofar na stoic.

▼C1

Bianna, ina bhfuil aigéad sorbach (E 200), sorbáit photaisiam (E 202) nó galláit phróipile (E 310) a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an 27 Aibreán 2025, féadfar na bianna sin a chur ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó go dtí a ‘ndáta éagtha’.

▼B

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (1)(b), (2)(b) agus (3) d’Iarscríbhinn II ón 27 Aibreán 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN I

I gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, i gcatagóir bia 16 'Milseoga gan táirgí a chumhdaítear faoi chatagóirí 1, 3 agus 4 a áireamh', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le húsáid aigéid shorbaigh - sorbáite potaisiam (E 200-202) in *frugtgrød, rote Grütze* agus *pasha* ag 1 000 mg/kg:

	'E 200-202	Aigéad sorbach – sorbáit photaisiam	1 000	(1) (2)	in *frugtgrød, rote Grütze* agus *pasha* agus iontu sin amháin; milseoga geilitín uiscebhunaithe atá blaistithe le torthaí'

▼B

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 mar a leanas:

(1) leasaítear an iontráil maidir le ‘E 200 aigéad sorbach’ mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta ‘Tuairisc’:

‘Tuairisc	Snáthaidí éadathacha nó púdar criostalta saorshreafa bán, sainbholadh éadrom air agus gan athrú le feiceáil ar a dhath tar éis é a théamh ar feadh 90 nóiméad ag 105 °C’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta ‘Íonacht’:

‘Íonacht

Cion uisce	Nach mó ná 0,5 % (modh Karl Fischer)
Luaith shulfáitithe	Nach mó ná 0,2 %
Aildéid	Nach mó ná 0,1 % (mar fhormaildéad)
Arsanaic	Nach mó ná 0,1 mg/kg
Luaidhe	Nach mó ná 0,1 mg/kg
Mearcair	Nach mó ná 0,01 mg/kg
Sinc	Nach mó ná 0,1 mg/kg’;

(2) leasaítear an iontráil maidir le ‘E 202 sorbáit photaisiam’ mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta ‘Tuairisc’:

‘Tuairisc	Púdar criostalta bán nó gráinníní bána gan athrú le feiceáil ar a ndath tar éis iad a théamh ar feadh 90 nóiméad ag 105 °C’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta ‘Íonacht’:

‘Íonacht

Caillteanas mar gheall ar thriomú	Nach mó ná 1,0 % (105 °C, 3 uair an chloig)
Aigéadacht nó alcaileacht	Nach mó ná thart ar 1,0 % (mar aigéad sorbach nó K_2CO_3)
Aildéid	Nach mó ná 0,1 %, arna ríomh mar fhormaildéad
Arsanaic	Nach mó ná 0,1 mg/kg
Luaidhe	Nach mó ná 0,1 mg/kg
Mearcair	Nach mó ná 0,01 mg/kg
Sinc	Nach mó ná 0,1 mg/kg’;

▼B

(3) leasaítear an iontráil maidir le ‘E 310 galláit phróipile’ mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta ‘Sainmhíniú’:

‘Sainmhíniú	Táirgtear galláit phróipile trí aigéad gallach a eistearú le própánól. Déantar an t-imoibriú a chatalú le haigéad sulfarach.
Einecs	204-498-2
Ainm ceimiceach	Galláit phróipile; Eistear próipile d’aigéad gallach; eistear n-próipile d’aigéad 3,4,5-tríhiodrocsaibeansóch
Foirmle cheimiceach	$C_{10}H_{12}O_5$
Meáchan móilíneach	212,20
Measúnacht	Cion nach lú ná 98 % ar bhonn ainhidriúil’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraíochta ‘Íonacht’:

‘Íonacht	
Caillteanas mar gheall ar thriomú	Nach mó ná 0,5 % (110 °C, 4 uair an chloig)
Luaith shulfáitithe	Nach mó ná 0,1 %
Saoraigéad	Nach mó ná 0,5 % (mar aigéad gallach)
Ionsú sonrach in eatánól	$E^{1\%}_{1cm}$ (275 nm) nach lú ná 485 nach mó ná 520
Arsanaic	Nach mó ná 0,1 mg/kg
Luaidhe	Nach mó ná 0,3 mg/kg
Mearcair	Nach mó ná 0,1 mg/kg’.